# Guth Ghoill

€3




Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / R-phost: ceimaniar@eircom.net Facebook: Céim Aniar Teo

**Ar an chlúdach:** Sarah Mhícheáil, (Nic Pháidín), gur as Dumhaigh ó dhúchas di, a bhí pósta ar Pat Ó Dochartaigh, fear a fuair bás anuraidh. Tá scéal Sarah le fáil in Eagrán 53.

# Clár:


| | |
|---|---|
| Coirnéal Nan. | 2 |
| Muintir Mhic Pháidín, an Leargan Riabhach. | 6 |
| Oisín Mac Eo, Oifigeach Pleanála Teanga. | 27 |
| Colmcille, a Thairngreachtaí & an t-Asal nach raibh ann. | 29 |
| Ór i bhFolach i dTulach. | 34 |
| Seachtain na Gaeilge. | 35 |





# Coirnéal Nan

Nuair a fhásann tú aníos i dteach inár tógadh dosaen de theaghlach, seacht ngirseach agus cúig ghasúr, tuigfidh sibh go maith nach raibh a leithéid de rud ann is ‘scaradh sóisialta.’

Tá sé tamall ó chuaigh an Guth Ghoill deireanach amach is tá athrú millteanach tagtha ar an saol ó shin. D’imigh an geimhreadh, tháinig an t-earrach agus tháinig Covid 19 fosta. Amharcann ainm an ghalair sin soineanta go leor ach, níl soineantacht ar bith ag baint leis.

Ta mé trí bliana déag is ceithre scór d’aois anois agus chan fhaca mé a dhath cosúil leis an ghalar seo ariamh. Don chéad uair i mo shaol ta mé scartha ó dhaoine eile. Cha dtig liom dul ar an bhus níos mó mar níl bus ar bith ann le muid a thógáil agus muid a thabhairt go Carraig Airt nó níos measa arís níl bus ann le muid a thabhairt go dtí’n



Bingo. Cé a chreidfeadh go gcuirfí deireadh leis an Bhingo? Cé a chreidfeadh go mbeadhas muid uilig scartha óna chéile?

Ó mo chéad chuimhne bhí i gcónaí scaifte daoine thart orm. Amach ón slua a bhí i mo theaghlach, bhí suas le céad dalta ar Scoil náisiúnta na nDoirí Beaga, mo scoil fhéin, agus nuair a chuireann tú san áireamh go raibh deich scoil náisiúnta i bparóiste Ghaoth Dobhair ag an am, (níl ach cúigear ann faoi láthair), is féidir liom a rá nach raibh ganntanas páistí fán cheantar a bhí thart orm.

Nuair a rachfá chuig faoistin tráthnóna Dé Sathairn bheadh scuaine chomh fada le seachtain romhat agus ba chuma cén tAifreann a rachfá chuige Dé Domhnaigh bheadh teach an phobail plódaithe. Da mbeadh faire fán bhaile cha bheadh áit seasaimh sa teach agus ansin, muna bea duine muinteartha duit fhéin a fuair bás, cha ngeofá a chóir na huaighe leis an méid daoine a bheadh i láthair ar an tórramh.

Níos faide anonn i mo shaol, nuair a chuaigh mé amach go dtí'n Lagán ar fostú, bheadh orainn uilig dul chuig an aonach i Leitir Ceanainn ar dtús.

Bheadh na sluaite againn ann ó achan chearn den chontae agus muid uilig ag súil le agus ag guí go ndéanfadh feirmeoir réasúnta muid a roghnú. Creid é nó ná creid ach bhí muid uilig ag iarraidh go roghnódh Protastúnach muid mar cha bheadh obair de shórt ar bith ag dul ar aghaidh ar fheirmeacha s'acusan ar an Domhnach. Bhí an lá scíste sin a dhíobháil, tá mé ag insint daoibh.

Níos faide siar arís chuaigh mé go hAlbain ar bhád Dhoire agus sin an bád nach raibh orla le spáráil air. Muna raibh do chloigeann sínte thar thaobh an bháid is tú ag roinnt do dhinnéir leis na faoileoga bheifeá sínte siar i gcoirnéal éigin is tú ag déanamh do dhícheall néal chodlata a fháil agus géimneach na mbó i mbolg na loinge thíos fút agus an chumhaidh don bhaile mar chloch mhuilinn thart ar do mhuineál mar go raibh a fhios agam fhéin gur imeacht gan pilleadh a bhí ann domhsa an t-am seo. Ag obair ar na feirmeacha in Albain a bhí muid ag an am agus thiocfadh le cúpla dosaen againn ó Thír Chonaill a bheith ar an fheirm amháin. Bheadhas muid uilig ansin pacáilte isteach sna botháin san oíche áit a mbeadh an t-ádh ort fairsing a fháil le do chosa a shíneadh.



Chuaigh mé go Dún Éideann ansin, cathair a bhí lán turasóirí ó thús go deireadh na bliana. Chan turasóir a bhí ionamsa tá mé ag insint daoibh, ach mé ag obair ó dhubh go dubh cosúil le muintir Thír Chonaill uilig. Níl mé ag cur locht ar bith ar Albain. Bhí an tír sin go maith do mhuintir Thír Chonaill agus thug sí slite beatha do na mílte againn nuair nach raibh sa bhaile ach ganntanas agus bochtanas.

Ach sin scéal eile agus chan sin an pointe ata mé ag déanamh anseo.

'Sé'n rud atá mé ag iarraidh a chur in iúl daoibh agus an pictiúr atá mé ag déanamh iarracht a chur os bhur gcomhair ná na sluaite daoine a bhí i gceist agus i mo láthair síos tríd na hathruithe uilig a tháinig ar mo shaol fhéin.

Anois, chan covid 19 an chéad ghalar a bhuail an tír seo. Ó bhí me i mo lapadán beag ag snámh thart ar an urlár chuala mé daoine ag caint fá na galair uilig a bhí inár measc.



Bhí an bhruitíneach iontach coitianta agus nuair a bhuailfeadh sé páiste amháin sa teach rachadh sé fríd an chuid eile mar a bheadh tine aitinne ann. Sé'n t-aon leigheas a bhí ann ag an am ná an leaba agus poitín. Níl a fhios agam cá mbeadh mo mháthair sna blianta sin gan an poitín mar sin an t-aon chógas a bhí ann d'achan sórt tinnis.

Bhí an plucamas ann fosta agus leoga dá bhfaigheadh páiste amháin é chuirfeadh mo mháthair achan pháiste sa leaba céanna sa dóigh is go bhfaigheadhas muid uilig é. Sa dóigh sin bhí sé tharainn, mar is galar é an plucamas a dhéanann níos mó dochair de réir mar a théann tú in aois. An rud is iontaí fá seo uilig ná go dtiocfadh daoine isteach 'un tí chugat is na galair seo beo faoin díon. Char chuir se isteach nó amach orthu. Deilgneach, sin galar eile a bhí coitianta agus leoga cha shílim gur sheachain páiste ar bith an galar sin ag an am. 'Sé na t-aon duine nach rachadh isteach i dteach ina raibh deilgneach ná bean a bheadh ag iompar linbh. Anois, galar eile ar fad a bhí san eitinn. Má bhí an diabhal sin sa teach bhí agat. Cha rachadh duine ar bith isteach i dteach a raibh an eitinn ann.

Rinne an galar sin scrios millteanach sa tír seo lá den tsaol. Thóg sí léi daoine idir óg is aosta gan trócaire. Nuair a fuair duine inteacht bás leis an eitinn dhófadh siad an leaba, na blaincéid is achan rud eile a bhí sa tseomra ina raibh an duine bocht ina luí. Ar chúis éigin nár thuig mé ariamh bhí náire ag baint leis an ghalar sin. Ach i ndiaidh sin is eile 'sé'n galar a chuir na máithreacha ar crith leis an eagla ná an polio. Thiocfadh sé achan bhliain sa tsamhradh. Cha raibh a fhios ag duine ar bith cá as a dtiocfadh sé nó cad chuige ach cosúil leis an fháinleog thiocfadh sé. Buíochas do Dhia char thrasnaigh sé tairseach s'againne ariamh. Nuair a bhí



cuid de mo pháistí fhéin óg bhí sé coitianta go leor ach bhí Dia liom agus sheachain muid é. Ach anois, agus seo é mo phointe, nuair a bhí na galair seo ár n-ionsaí fríd an phobal chuaigh an saol ar aghaidh mar is gnáth. Bhí daoine ag obair, bhí na siopaí foscailte agus chuaigh daoine ar an Aifreann Dé Domhnaigh. Cha raibh Bingo ar bith ann ag an am ach dá mbeadh chan druidte síos a bheadh sé!

Ta a fhios agam go raibh an Fliú Mór ann i 1918, seacht mbliana roimh m'amsa, agus gur maraíodh na mílte sa tír seo, ach ar chúis éigin nach dtuigim chan ábhar é a bhí i mbéal na ndaoine is mé ag fás aníos. Tharla cogadh na saoirse agus an cogadh cathartha cúpla bliain i ndiaidh an fliú agus tógadh mé le scéalta ón tréimhse sin. Mhair na scéalta sin agus bíonn daoine ag caint fá na rudaí a tharla suas go dtí an lá atá inniu ann, ach char maraíodh ach céatadán beag den phobal sna cogaí sin i gcomparáid leis an fliú. Leis an fhírinne a insint, ab é gur tharla Covid 19 cha bheadh a fhios ag formhór na ndaoine sa tír seo gur tharla a leithéid. Cad chuige sin? Léigh mé le gairid go raibh an chéad chogadh domhanda ag tarraingt chun deiridh ag an am agus cha raibh na Sasanaigh ag iarraidh eolas a scaipeadh faoin mhéid daoine a bhí ag fáil bháis, go hairithe faoin mhéid saighdiúirí ar thóg an fliú iad. Is amhlaidh a bhí sé leis na Gearmánaigh agus sin an tuige gur tugadh an Fliú Spáinneach air. Ní dóigh liom go seasann an leithscéal sin, mar níl sé ar dhóigh ar bith láidir go leor le míniú domhsa caide'n chúis leis an easpa comhrá fán Fliú Mór.

Ach, geallaim seo daoibh, is cuma cén aois atá sibh, beidh neart comhrá faoin ghalar seo ata inár measc inniu, Covid 19. Cha dtagann duine ar bith 'un tsaoil áit ar bith sa domhan ó seo go ceann céad bliain amach nach mbeidh a fhios acu fán víreas uafásach a rinne an t-ionsaí míthrócaireach seo orainn.

Le cuidiú Dé gheobhaidh muid thairis seo agus tiocfaidh an Bingo ar ais mar is maith atá a fhios agam gur sin an rud atá muid uilig ag feitheamh air. Check!



# MUINTIR MHIC PHÁIDÍN, AN LEARGAN RIABHACH



Teach Mhic Pháidín ar an Leargán Riabhach

Lá den tsaol, bhí an dáréag de Mhuintir Mhic Pháidín 'ag nocáil' thart fan teach ina raibh cónaí orthu i Leargan Riabhach. B'iad sin Jack, an tAthair, a bhean chéile Caitlín, agus na páistí: Máirín, Ciarán, Eithne, Aodán, Déaglán, Seán, Rónán, Dairine, Réamon, agus Órlaith.  Anois, níl aon duine acu fágtha i Ros Goill, mar ba ghnáth le Jack a rá, "tháinig sin agus tiocfaidh seo".

**"Cé leis Jack?**"

Cé gur Mac Pháidín an sloinneadh a bhí air, ní de bhunadh Mhic Pháidín as Ros Goill é ar chor ar bith. Ba as an Bhaile Úr, in aice an Fháil Charraigh, an Mac Pháidin sin.

Seo roinnt de chúlra chlann Mhic Pháidín as an Bhaile Úr. Bhí Clann Mhic Pháidín ag cur faofa ar an Bhaile Úr ar feadh cúpla glúin ar a laghad roimhe 1880. Sa bhliain 1889, bhí an 'Plan of Campaign' ar siúil sa cheantar sin agus greim mhór ag na sagairt ar an treo ina raibh sé ag dul; rud a chur fearg ar na Tiarnaí Talún agus ar Rialtas na Breataine. Cinneadh ar sampla a dhéanamh de na tionóntaithe sa cheantar agus tháinig an Tiarna Talún, Sir John Olphert, faoi bhrú le seo a dhéanamh. In 1889, tharla ceann de na díshealbhaithe ba mhó a tharla in Éirinn nuair a cuireadh as seilbh 323 teaghlach i mBaile Uí Chonaill/ An Baile Úr. Bhí Clann Mhic Pháidín ina measc. Bhí athair Jack, Seán a bhí air fosta,

ina thachrán óg nuair a tharla an díshealbhú seo. Ba dhuine de chúpla a bhí ann agus i ndiaidh a bheith curtha amach as a dteach, chuaigh a mháthair isteach sa teach arís faoi bhrat na hoíche ach tháinig na 'Péas' agus an tArm le í a thabhairt 'na phríosún go Leifear. Tháinig sí go dtí'n doras agus athair Jack agus an babaí óg eile, Aodh ina lámha aici. Níl fhios cé acu ar scaoileadh í saor ar an bpointe, nó níos moille agus í os comhair na cúirte ach ligeadh saor í de thairbhe an chúpla a bhí faoina cúram. Chaith an chlann tamall i dteach na mbocht i nDún Fionnachaidh agus ina dhiaidh sin i mbotháin adhmaid a tógadh go deonach do na clanna a cuireadh as seilbh. Bhí suim mhór idirnáisiúnta san eachtra seo agus cruinníodh airgead thar lear le cuidiú a thabhairt dóbhtha. Tháinig long isteach le lasta adhmaid go céidh Bhaile an Easa leis na botháin a thógáil.

Gan mhoill ina dhiaidh sin, thángthas ar réiteach idir formhór na dtionóntaithe agus an Tiarna Olphert agus phill na tionóntaithe ar an Bhaile Úr, cé go mb'fhéidir nach sna tithe a d'fhág siad.

I gcás Róise, máthair mhór Jack, a sheas an fód agus an cúpla ina lámha aicí, tarraingíodh pictiúr den ócáid seo agus bhí sé le feiceáil san 'United Ireland' ar an 27u Aibreán, 1889. Fear darbh ainm J. D. Reigh, a chuaigh go dtí'n Fhál Carrach leis na díshealbhaithe seo a chlúdach do na nuachtáin, a léirigh é. Bíonn cuid mhór cainte fán díshealbhú i nGleann Bheatha ach ó thaobh líon daoine de, bhí níos mó daoine i gceist i ndíshealbhú Olphert 1889.

**Máthair Jack: Julia**

Duine de chlann Uí Shiadhail as Doire Chasáin Mór í Síle (Julia, 1896 – 1980). Ba dheirfiúr í den tAthair Seán O' Siadhail, (1901 – 1971) a clúdaíodh in eagrán níos luaithe de Ghuth Ghoill. Cé gur rugadh Síle i gCill Saidhe (Kilsyth) na hAlban i 1896 agus gur chaith sí tamall 'sna Stáit Aontaithe comh maith nuair a bhí sí óg, phill sí go Doire a' Chasáin i 1908 lena hathair, Johnnie Mháire Ó Siadhail agus a deartháir Seán. Ba seo i ndiaidh bás a máthar in Albain. Ba ansin a chaith sí a hóige. Cé go raibh siopa ag Johnnie Mháire in aice na céidhe agus go raibh sé ag cur faoi 'sna



Máthair Mór Jack agus a athair 1889

Dúnaibh, ba le Cití Ruairi (Ó Gallachóir as Doire a’ Chasáin Beag) agus a fear céile Micí Mháire Ó Siadhail, (deartháir a hathar) a chaith siad an chuid is mó dá gcuid ama. Bhí siopa a reáchtáil ag Micí agus Cití thuas an lána os comhair an Grotto atá ag barr Mhalaidh ‘n Mhuilinn.
Agus í ina déagóir, bhí Síle ag obair ar feadh tréimhse i siopa ar an Fhál Charrach agus ba ansin a bhuail sí le Seán MacPháidin, (1889 – 1971) as an Bhaile Úr in aice an Fháil Charraigh. Bhí seisean ag obair i dteach tábhairne béal dorais arbh leis an úinéir chéanna. Phós said i 1916 agus bhog said go Béal Feirste áit ar rugadh an chéad duine den teaghlach, Róise, ach níor mhair sí ach cúpla seachtain. Rugadh an darna páiste, Jack, i Sráid Sunwich in Oirthear Bhéal Feirste ar an 10ú lá de Mhí Iúil, 1917. Bheadh sé ag insint le grinn gur dearnadh é a bhaisteadh ar an dóú lá déag de Mhí Iúil in Oirthear Bhéal Feirste, rud a bhí fíor. Rugadh an tríú páiste, Aodh, (Hugo), ar an Fhál Charrach i 1919.

**Ar ais ‘un an Fháil Charraigh**.

Mar a luaigh mé, cé gur rugadh Jack i mBéal Feirste, phill an chlann ‘un an Fháil Charraigh áit ar rugadh deartháir níos óige, Aodh, (Hugo) i 1919. Ní fios cad tuige ar tharla sé ach thart fán am seo, phill Síle lena beirt mhac, Jack agus Hugo go Doire a’ Chasáin agus níor phill sí chuig a fear céile Seán ar an Fhál Charrach níos mó.
Míniú amháin a tugadh ná go bhfuair uncail Shíle, Micí Mháire, bás den fliú mór i 1918 agus gur iarr seanChití Ruairí, bean chéile Mhicí, ar Shíle pilleadh agus lámh chuidithe a thabhairt di leis an siopa i nDoire a’ Chasáin a reáchtáil. Bhí a fhios ag Cití go mbeadh Síle an-mhaith ag an sórt sin oibre mar go raibh siopa ag a máthair in Albain sula bhfuair sí bás. Lena chois sin tógadh í i siopa Chití i nDoire Chasáin agus fosta, chaith sí seal ag obair i siopa ar an Fhál Charrach sular pósadh í. Cé nach ndearna Síle a thuilleadh teagmhála lena fear céile go lá a bháis, ba ghnáth le Jack agus le Hugo a dhul anonn le laethanta saoire a chaitheamh leis nuair a bhí siad óg. Bhí sé soiléir go raibh cion mór acu dá n-athair agus choinnigh siad an caidreamh seo leis comh maith agus a b'fhéidir leo i rith a shaoil. Fuair a



**Aodh, Julia agus Jack(ar dheis) i nDoire Chasáin c1933.**

n-athair, Seán, bás i 1971.

**Óige Jack i nDoire a' Chasáin.**

Nuair a phill Jack agus a dheartháir Aodh go Doire a' Chasáin thart fá 1920, ní bheadh mórán Gaeilge acu mar Béarla a labhraíodh sa teach ar an Fhál Charrach. Anois, agus iad ina gcónaí sa teach céanna le Cití Ruairi, bean a raibh scoith na Gaeilge aici agus a labhair é go coitianta leis na custaiméirí a tháinig isteach ' sa tsiopa a bhí aici, bhí siad sáite i measc lucht labhartha na Gaeilge. Sa teach seo fosta, nuair a bheadh sé sa bhaile ar laethanta saoire ó Choláiste Adhamhnáin agus níos moille ó Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, bhí an tAthair Seán O'Siadhail, a n-uncail. Bhí suim iontach aige sa Ghaeilge agus bhí tionchar mór ag seo ar Jack.


D'fhreastail Jack ar Scoil Dhoire Chasáin, áit ar dhírigh sé go dúthrachtach ar na leabhair agus ag deireadh a ama ansin c1931, fuair sé 'scairt' go dtí Coláiste Ullmhúcháin i Sráid Mhaol Bhríde i mBaile Átha Cliath. Sé an aidhm a bhí leis na Coláistí Ullmhúcháin ná go dtosnódh daoine ag aois 13/14 ag ullmhú don mhúinteoireacht in áiteacha cosúil le Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

**Coláiste Phádraig, Droim Conrach.**

I 1936**,** thosaigh Jack ar a oiliúint mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Nuair a bhí sé ansin bhí stócach eile de bhunadh Ros Goill ansin fosta, ba sin Aindrias Ó'hOireachtaigh, ( Aindí Mhicí Ginn). Caithfidh muid cuimhneamh go raibh Jack agus Aindí ina bhfir óga anois, thart fá fiche bliain i ndiaidh Éirí Amach na Cásca agus níos lú na sin arís i ndiaidh Cogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha. Bhí cuimhne ghéar ag daoine ar an méid a




**Reisimint an Phiarsaigh 1938. Jack, Ró lár, 5ú ó Chlé**




**I gCampa Fhionnúir 1938. Jack ar chúl, 4ú on chlé.**

d’fhulaing an tír agus bhí spiorad láidir i ndaoine óga faoi sheirbhís phoiblí. Bhí suim acu an tír a láidriú.
San am sin, ins na hOllscoileanna agus i gColáiste Phádraig, bhí Roinn d’ Arm an tSaorstáit curtha ar bun le hábhar oifigigh airm a lorg agus a chothú. Reisimint an Phiarsaigh an tainm a bhí ar an chomplacht a bhí i gColáiste Phádraig agus bhí Jack agus a chara Aindí Mhicí Ginn lán-pháirteach ann. Fuair siad dian-thraenáil le linn a gcuid laethanta saoire ar gach ní a bhain le cúrsaí airm i gCampa Fhionnúir agus in áiteacha eile fosta. Dúírt Jack i gcónaí dá mbeadh a thoil aige, gur i dtreo an Airm a rachadh sé. Ach, bhí a mhalairt intinne ag a mháthair Sile, (bean cheanndána agus b'fhéidir críonna fosta) agus ní bheadh ann ach an mhúinteoireacht do Jack. Ghoill sé ar Jack ar dtús go raibh cead-a-chinn ag Aindí imeacht go dtí ‘n Arm ach shocraigh sé ansin a ghualainn a chur go hiomlán leis an mhúinteoireacht.
Chríochnaigh Jack i gColáiste Phádraig i 1938, agus thosaigh sé ar a thréimhse phromhaidh (probation period) sular bronnadh a Diplóma air go hoifigiúil i 1942.

**Oide Scoile**.

Thosaigh Jack ag teagasc ar dtús i Scoil Náisiúnta na Coilleadh Críne, (Killycreen) in aice Ráth Mealtain i 1938. (feach Pic 7) Ba scoil úr a bhí inti a fosclaíodh i 1936. Fhad is a bhí Jack ag teagasc ansin d’fhanfadh sé i rith na seachtaine i dteach aíochta Guy i Sráid an Chaisleáin , i Ráth Mealtain. Achan Aoine, théadh sé ar a rothair go Doire a’ Chasáin agus arais ansin tráthnóna Dé Domhnaigh. Dúirt Jack gur chas sé, ar cheann de na turais seo, ar cheann de na chéad tórraimheacha a chuaigh go dtí’n reilig úr in Iomlach i 1939. Bhí sé den bharúil nach raibh ach beirt eile curtha sa reilig roimhe sin.




**Scoil na Coilleadh Críne, Ráth Mealtain.**

**Scoil Mhíobhaigh.**



Teach aíochta Guy, Ráth Mealtain

Ar ball, fuair Jack post i Scoil Mhíobhaigh. Chean- naigh sé gluaisrothar agus théadh sé óna theach i nDoire a' Chasáin thart a' 'Drive', bealach mór nach raibh dromchla ró- mhaith air na blianta sin, i rith an Dara Cogaidh. Labhair sé go minic fán éadáil a níodh isteach ar na cladaí thart orainn, seo i ndiaidh soithí ó na conbhuanna a bheith curtha go tóin poill ag na fomhuireáin Ghearmánacha. Ag breacadh an lae, bheadh daoine thíos ar na cladaí ag déanamh éilimh ar adhmad, ar bhairillí tuirpintín, ar bhurlaí rubáir agus am amháin, ar chearca! Bhí cearca ar bord soithigh Lochlannaigh a tháinig isteach ar na carraigeacha in aice leis an Chorrach agus tugadh mála acu suas go dtí'n Bhaile Láir, áit ar mhair siad ar feadh tamaill.

Minic go leor, bhí cathú ar fhéin a dhul síos ach bhí an scoil le foscailt agus bhíodh páistí ag fanacht. Le linn dó a bheith ag teagasc i Scoil Mhíobhaigh, tháinig gasúr óg ó Chontae Liatroma a raibh Pól Ó Dubhshláine air, le freastal ar Scoil Mhíobhaigh. Bhí lóistín aige le Síle, máthair Jack, i nDoire a' Chasáin agus bheireadh Jack síob do achan mhaidín ar chúl an ghluaisrothair. Ba lúthchleasaí an-mhaith a bhí i Pól agus rith sé san 100m ag na Cluichí Oilimpeacha in Helsin- ki i 1952. Tá deirfiúr le Pól pósta ar an iar-pheileadóir, Johnny Giles.

Níl dabht ach ná go raibh daoine ar scoil le Pól a mhaígh go bhfuair siad an lámh in uachtar ar Phól i rásaí ar chúl Scoil Mhíobaigh blianta roimhe sin!

**Scoil Dhoire a' Chasáin.**

Ceapadh Jack mar Phríomhoide ar Scoil Dhoire a' Chasáin ar an chéad lá de Mhí Lúnasa,1941 agus ba anseo a chaith sé an chuid is mo dá shaol ag obair, sin go dtí gur athraigh an scoil go dtí na Dúnaibh sa bhliain 1969. Bhí sé arais anois sa cheantar inár tógadh é agus mar aidhm aige a dhícheall a dhéanamh d'aos óg na háite fríd an chóras oideachais mar a d'éirigh leis fhéin. Cosúil le cuid mhór múinteoirí ag an am agus brú damanta a chur orthu ó chigirí na Roinne, sa treo seo, bhí Jack dian leis an tslat agus níor spáráil sé í. Fuair mé cuid mhaith den tslat uaidh mé fhéin agus ina dhiaidh sin sa mheánscoil i Leitir Ceanainn agus tuigim go hiomlán comh cruaidh agus a ghoilleann seo ar dhuine óg.

Thuigfeadh daoine óga ar dhóigh, sna blianta sin, dá bhfaigheadh siad sceilp de thairbhe a bheith mí-bhéasach, ach ní thuigfeadh siad a bheith ag fáil sceilp dá mbeadh deacracht acu rud a fhoghlaim nó dá ndéanfadh siad botún. Is fuath liom an córas a bhí ann an t-am úd agus ní raibh sé ceart ná cóir.


Go minic, ag machnamh ar an am sin, smaointím ar ais ar ré a bhí garbh go leor ar mhórán dóigheanna i gcomparáid leis an lá inniu ach gur glacadh leis ag an am. Tá cuimhne agam, gan mé ach b'fhéidir sé bliana d'aois, a bheith ag imirt le gasúr sa cheantar agus scairt a athair orainn le lámh chuidithe a thabhairt do leath dhosaen puisíní a bhí istigh i sac a bháthadh i mbairille ar chúl an bhóithigh. Níor shíl an t-athair a dhath de a bheith ag déanamh seo os comhair páistí óga.

Mar an gcéanna, nuair a crochadh Mícheál Ó Mainnín as Luimneach sa tír seo i 1954, ba é an fear deireanach a crochadh in Éirinn, agus is cuimhin liom, an lá ina dhiaidh sin, na gasúraí móra ag caint fan chrochadh amuigh i gclós na scoile, an dóigh chéanna a mbeadh siad ag caint fá Man. Utd. anois.

**Jack mar mhúinteoir.**

Bhí an- bhéim ar na trí Rs san am sin agus fosta, béim iontach mór ar scrúduithe na Gaeltachta ag an deireadh. Caithfidh muid cuimhneamh nach raibh saor-oideachas ar fáil le linn formhór na mblianta sin a raibh sé ag teagasc agus ba bheag seans a bheadh ag páistí as Ros Goill a dhul go dtí an mheánscoil I ndiaidh dóbhtha Scoil Dhoire a' Chasáin a fhágáil. Mar sin, bhí achan rud dírithe ar ardchaighdeán foghlamtha sa scoil agus sa bhaile, sa dóigh go bhfaigheadh an méid is mó de dhaltaí Scoláireacht Ghaeltachta agus iad siúd nach dtéadh an bealach sin, go mbeadh an seans is fearr acu amuigh sa tsaol. Gan dabht, déirigh leis an chóras teagaisc i Scoil Dhoire a' Chasáin torthaí maithe a fháil do chuid mhór daltaí sna scrúduithe scoláireachta thar na blianta. Bhí cúl taca an-tábhachtach aige san aidhm seo; 'sé sin na múinteoirí a bhí leis ar an fhoireann agus na tuismitheoirí sa cheantar a thuig tábhacht an oideachais dá gclann.

Ó Leabhair na gCigirí 1953




**Dearcadh na gCigírí ar obair Jack.**

Thug mé cuairt ar an Chartlann Náisiúnta go bhfeicfinn an raibh fianaise ann a léireodh an dearcadh a bhí ag na Cigirí ar an chóras oideachais i Scoil Dhoire Chasáin in aimsir Jack. Fuair mé tagairtí do Jack ins an 'Inspectors Observation Book' do Scoil Dhoire a' Chasáin agus seo cúpla sampla thar na blianta.

17/10/1941

*"Níl an Príomh-Oide ach seal goirid anseo. Tá gach comhartha ann go ndéanfaidh sé dea-obair anseo mar bhí sé a dhéanamh roimh ré i Míobhuidhe."*
Pádraig Mac Seáin
8/3/1946
*"Oibridhe fíor-dhúthrachtach é seo a chuireas smacht oiriúnach i bhfeidhm. Tá an scoil go h-an ghlan. Is léir go gcothuíter sprid maith oibre ins na daltaibh anseo"*
T.F.Mac Anna.
20/10/1948
"*D'éirigh le triúr scoláiri as an scoil scoláireachtaí a fháil ins na Coláistí Ullmhucháin i mbliana. Tá creidiúint an-mhór ag dul do phríomh oide na Scoile*"
9/2/1951
*"Ta Buíon Ceoil curtha ar bun ag an Phríomh-Oide. D'eist mé leis na Ceoltóirí óga inniú agus, gan aon aimhreas, táan-chreidiúnt ag dul dóbtha féin os dá múinteoir, Molaim go mór iad"*
O'Heidhin.
6/8/1953
"*Cuireann an Príomh-Oide oiliúint an-mhaith ar fad ar a chuid daltaí – daoine dea-bhéasach dei-seard ?iad. Ta fonn chun foghlume agus chun cainnte orthu. Tá gach aon chomhartha ann go gcaitheann an Príomh-Oide a dhícheall croí lena dtabhairt ar aghaidh ar bhóthar a leasa"*
O'Cinneide.
25/7/1954
*"Traoslaím leis an Phriomhoide de thairbhe gur bronnadh duais **Carlisle &Blake** air. Leanann sé den ard-chaighdeán múinteoireachta a dual do. Tá fonn foghluma thar an cotiuinn ag daltaí na h-ard Roinne"*
C.O. Cinneide.

**Cúrsai taobh amuigh den churaclam.**

Is léir gur aithin lucht stiúrtha an oideachais go raibh dul chun cinn an-mhaith a dhéanamh ag Jack i Scoil Dhoire a' Chasáin agus de bharr sin, bronnadh an duais**, Carlisle &Blake** air i 1953. Ba seo ard mholadh ar fad mar níor bronnadh ach sé dhuais déag sa tír uilig an bhliain sin amach as 4880 bun-scoil agus 13,000 múinteoir bunscoile. Sílim gur aithin siad nach amháin go raibh a mheoin dírithe ar chúrsaí



Foscailt Choláiste Rosguill 1952




**Jack &an Buíon Cheoil i gCarraig Airt.**

taobh istigh den rang ach fosta, taobh amuigh.
Bhunaigh sé Buíon Cheoil Ros Goill sa scoil i 1950 agus bheadh cuimhne go fóill ag daoine a ghlac pairt ann. Ócáidí mar Lá Fhéil' Pádraig nó nuair a thiocfadh sagart óg ón Pharóiste arais 'na bhaile i ndiaidh a oirnithe, bheadh siad ag feitheamh air. Fear a thug cuidiú mór do ná Séamus MacRuairí, (Jimmy Rogers) as na Ros-sa ó dhúchas, a raibh neart cleach-taidh aige i gcúrsaí buíonta ceoil.
Fosta, chuir sé drámaí ar siúil agus tá cuimhne agam féin a bheith ag ceann acu i gColáiste Ros Goill. Jack agus an Beanstock a bhí ann agus tá cuimhne agam gur Charlie Mór Laighneach (California) a bhí ina fhathach thuas ar bharr an chrainn agus fosta, bhí Seosamh O'Buaidhe (nach maireann) ann. I bfhad ó shin!

**Cúrsaí Cogaidh agus an L.D.F.**

I rith an dara Cogaidh**,** (1939 – 1945) cuireadh grúpa ar bun le cúl taca a tha-bhairt don Arm agus an t-ainm a bhí ar an ghrúpa seo ná an F.C.A ( Fórsa Co-santa Áitiúil) nó an L.D.F. (Local Defence Force). Siocair go raibh cúlra ag Jack i Reisimint an Phiarsaigh nuair a bhí sé i gColáiste Phádraig i mBaile Cliath, bhí sé i gceannas ar thraenáil na bfhear san FCA i Ros Goill. Ba ghnáth leofa máirseáil a chleachtadh i Halla na Paróiste agus a dhul go Cnoc an Mharmair agus Tráigh a Locha fá choinne cleachtadh leis na raidhfil. Nuair a bhí tú ina bhall den F.C.A. fuair tú raidhfil .303 agus caoga piléar. Bhí cead ag Jack piostal a bheith leis fos-ta.
Cuid den chéad obair a bhí le déanamh ná díogacha doimhne a dhéanamh ar thaobh an bhealaigh mhóir idir teach Bhill Mhic Pháidín i mBaile Uí Eochagáin agus an Croisbhealach, fosta ag Tráigh na Rosann , ar an Rannach in aice Oileán a' Bhráighe agus i nGleann Rí.
Ghlac said páirt fosta ag déanamh faire ón L.O.P. (Look Out Post) a bhí suite ar Chnoc Ghort na Luchóg agus b'éigean dóibh logleabhar a choinneáil fá rud ar



**An L.O.P. ar Chnoc na Slighe.**

bith as an choiteann a thabharfadh siad fá deara amuigh ar an fharraige nó in aice an chósta. Bhí guthán acu thuas ar bharr an chnoic le scéala a chur chuig an Arm i mBeairic Chnoc na Carraige, i Leitir Ceanainn. Cuid de na fir as Ros Goill a chaith am thuas ansin ná: Micí Ned Ruaidhrí ( Ó Gallchóir), Manus Eoin (Mac Giolla Chearra), Anton Duffy agus  Den Mac Laifreartaigh.

Le linn an ama seo, bhí Jack 'ag dul' le bean as Carraig Airt, Eibhlín Ní Ghallachóir, iníon J.D. O'Gallachóir a bhí ina mhúinteoir scoile agus siopa aige fosta in aice le Óstán Walshe. Oíche amháin, bhí Jack ag pilleadh ar a rothair go dtína theach cónaithe i nDoire Chasáin agus mhothaigh sé beirt ag teacht ina threo sa dorchadas ar rothair. Bhí a fhios aige go maith gur seo athair Eibhlín, J.D. agus a chara, Seán McCraith, ag pilleadh i ndiaidh cúpla deoch sa Road House, (áit a bhfuil an Rosapenna anois). Léim sé dá rothar agus luigh sé i gceann de na buncair a bhain le cúrsa gailf  Charraig Airt a bhí in aice an bhealaigh mhóir an  t-am sin. Díreach agus iad ag rothaíocht thairis, scaoil sé urchar .45 óna phiostal tharstu agus char bhog Peloton rothaí ar bith comh tapaidh ariamh agus a bhog an bheirt údaí. Nuair a 'landáil' siad i gCarraig Airt, d'inis siad d'achan duine a chonaic siad go raibh na Gearmánaigh ar an trágh faoi Charraig Airt.

**Bunadh Fó–Chumann Péile na nDúíne, 1938.**

Nuair a phill Jack c1938 go dtí Ros Goill i ndiaidh tuairim 's seacht mbliana a chaitheamh i mBaile Cliath, idir meánscoil agus Coláiste Phádraig áit ar hoileadh é mar mhúinteoir agus áit ar thraenáil sé le Reisimint an Phiarsaigh, bhí sé lán fuinnimh agus suim aige a ghualainn a chur le forbairt Ros Goill. Cé nar imir sé peil ghaelach d'ard chaighdeán é fhéin, d'aithin sé tábhacht an spóirt do spiorad na háite.

Go dtí an t-am sin, bheadh, go bliantúil, Cleasa Lúth ar siúil sna Dúnaibh ar a dtugtaí  'Downings Sports and Regatta', agus mar chuid de na himeachtaí sin, bhíodh Comórtas Peil Ghaelach, seachtar a taobh, ach taobh amuigh de sin, cha raibh aon iarracht eagraithe.

Ceart go leor, bhí macasamhail  Mhuiris Bhidí (Mac Giolla Chearra), a chruinnigh scaifte d'fhir mhóra thacúla le cluiche a imirt in éadan foirne as Baile na nGallóglach, foireann a raibh cuid mhór Gardaí agus a leithéidí as réigiúin eile den tír ina measc. An scaifte seo a chruinnigh Muiris le chéile, ní raibh de thuigbheáil acu ar pheil ghaelach ach go dtiocfadh leo greim a fháil ar an liathróid, nó dorn a bhualadh uirthi nuair bheadh seans acu. Ní raibh an cluiche i bhfad i gcionn oibre go raibh an súiche sa phota agus achan chosúlacht go raibh gríosach a tharraingt níos deireannaí.

Bhí fear de bhunadh 'Ac Laifeartaí as Doire a' Chasáin agus shín sé suas a dhorn le buille a bhualadh ar an liathróid ach, in áit teagmháil leis an liathróid, 'sé an



Mánus Mór Ó hOireachtaigh, ar cúl, deas.

rud a rinne sé ná teanghmáil a dhéanamh le smigead dhuine de na Gardaí gur fhág sé é sioctha ar shlat a dhroma. Thosaigh an tsúisteáil agus an smúchtáil agus in aithghiorracht, b'éigean deireadh a chur leis an chluiche. Níor cluineadh iomrá ar pheil ghaelach go cionn fada go leor ina dhiaidh sin!


I bFhómhar na bliana 1938, chinn Jack, agus cúpla fear eile de bhunadh na háite, Peil Ghaelach a eagrú go hoifigiúil sna Dúnaibh. Os cionn na háite a raibh an siopa búistéara ag Mánus Mhícheáil ag an Harbour Bar a tháinig siad le chéile agus chuir siad ar bun agus chláraigh siad don chéad uair, Fó-Chumann Peile na nDúnaibh. Na daoine a bhí ar an chéad choiste ná: Mánus Mór Ó'hOireachtaigh mar Chathaoirleach, Seán Ó'Dochartaigh mar Chisteoir agus Jack Mac Pháidín mar Rúnaí.

Seo scéal fá Jack agus Mhánus Mór. Chuaigh siad beirt ar an ghearrán iarainn amháin chuig cluiche i gCloich Cheann Fhaola. Achan chúpla mile, d'áthródh siad áit agus théadh duine amháin ar an bharra agus an duine eile ar an diolait agus é ar na troitheáin. Nuair a bhí an cluiche thart agus iad ar a mbealach 'na bhaile, bhí siad ag feitheamh go bhfaigheadh Mánus síob ó Chéidh Phort na Bláiche ar bhád Shéarlaí John Nochaí a bhí le pilleadh 'na nDúnáibh thart fán am sin. Ach faraor, agus iad ag tarraingt ar Phort na Bláiche, chonaic said bád Shéarlaí ag dul thart le Ceann Bhréachmhaigh. Dá m'bfhéidir le mallachtaí bád a thiontú thart, bheadh siad ceart go leor ach ní raibh a dhath fána choinne ach leanstan leo mar a bhí ó thús. Chan 'featherweights' a bhí i gceachtar acu agus bhí lorg an bharra ar a dtóin go ceann coicíse ina dhiaidh sin.

Ba sin na daoine a bhí freagrach as Peil Ghaelach a bhunú go hoifigiúil sna Dúnaibh, corradh agus ceithre fichid bliain ó shin.

**Coláiste Ros Goill.**

'Sna daicheadaí, shochraigh Comhaltas Uladh Coláiste Samhraidh a bhunú i Ros Goill. Chuir an Comhaltas, fear óg as Béal Feirste, Séamas Ó Raghallaigh go Ros Goill leis an phlean seo a chur i gcrích agus duine de na chéad daoine a chuaigh sé a chuartú ná Jack Mac Pháidín. Thug sé cuairt ar theach Jack i nDoire a' Chasáin ach bhí seisean thuas i gCarraig Airt. Thug Síle, máthair Jack, cuntas do Shéamus faoin chineál diúlaigh a bhí i Jack agus ar shiúíl leis ar ais i dtreo



An t-ailtire, Seán Ó Dochartaigh ag bronnadh eochar an Choláiste ar An Taoiseach, Éamonn de Valera.


Charraig Airt agus dheamhan i bhfad go bhfaca sé fear den chineál sin ag tarraingt chuige ar rothar.

D'inis Jack domh go raibh sé ag teacht ar ais ó Charraig Airt ar a rothar agus cóngarach don Rosapenna, go bhfaca sé an boc seo ag tarraingt air-sean, am éigin i 1944 agus sciorta filltigh agus froc air cosúil le bunadh na hAlban agus gur chur an fear seo é féin in aithne do. Bá seo an chéad uair a chas Jack agus Séamas Ó Raghallaigh ar a chéile agus chaith Séamas tamall ag míniú do Jack an plean le Coláiste Samhraidh a bhunadh i Ros Goill.
Bhí suim ag Jack sa phlean seo láithreach agus thar chúpla lá, thug siad cuairt ar thithe ó Chnoc na Muirleoige go Dumhaigh le bunadh na háite a mhealladh le lóistín a chur ar fáil do na mic léinn as Tuaisceart na hÉireann. D'éirigh go maith leofa agus bhí bunadh na dtithe sásta lóistín a thairiscint do bheirt, triúr nó ceathrar de na mic léinn.
Thosaigh an Choláiste Samhraidh i 1944 agus bhí Jack mar bhall den fhoireann teagaisc ansin ar feadh cuid mhaith blianta. Ba Scoil Náisiúnta Dhoire a' Chasáin a bhí a úsáid an chuid is mó den am suas go dtí'n bhliain 1952 nuair a fosclaíodh an Choláiste úr, Coláiste Oilbhéir Pluincéid Beannaithe, ach bhí sé suite san Duthie Hall samhradh amháin. Ar an ócáid a fosclaíodh an Choláiste úr, rinne Jack agus Buíon Cheoil Ros Goill an Taoiseach Éamon de Valera agus slua den Arm a thionlacan ó Shiopa John Buchan 'sna Dúnaibh go dtí'n Choláiste.

An bheirt a bhuail le chéile ar an bhealach mhór in aice an Rosapenna i 1944, Jack Mac Pháidín agus Séamas Ó Raghallaigh, d'fhan siad agus a mná chéile ina ndlúthchairde go deireadh a saoil.

**Pósadh.**

Mar a scríobhadh níos luaithe, ba as an Fhál Charrach athair Jack agus i rith a laethanta saoire, chaithfeadh Jack agas a dheartháir Hugo, cuid mhaith ama thall ansin. Bhí deirfiúr athair Jack pósta ar úinéir Theach Ósta an Earagail ar an




**Ón leabhar cláraithe, Teach Ósta Hunters, 1945.**

phríomhshráid agus chaith-feadh Jack am ansin. Trasna an bhealaigh ón Teach Ósta, bhí bean óg a bhí ag traenáil mar bhanaltra i mBaile Átha Cliath agus nuair a bheadh sise sa bhaile ar laethanta saoire, bá mhinic a bhuail Jack agus í le chéile ar an tsráid. Bá seo, Caitlín Ní Dhochartaigh, iníon An-taine Ó Dochartaigh as Oileán na Cruite a bhí ina mhúinteoir scoile ar an Fhál Charrach ag an am sin. Bhí clú ar Antáine fosta mar dhuine a raibh ard-suim aige i gceist na Gaeilge.

**Lá a bpósta. Cé Árann, Báile Cliath, 1945**



Lean an cairdeas seo idir Jack agus Caitlín agus pósadh iad ar an 4ú lá de Mhí Mheán Fómhair, 1945 i Séipéal Naomh Pól ar Ché Árann i mBaile Atha Cliath. Chaith siad mí na meala i gCo. Chill Mhantáin agus caoga bliain ina dhaidh sin, d’eagraigh an teaghlach teacht le chéile san ionad chéanna inár fhan siad, Teach Ósta Hunters. B’iontach an rud é go raibh an leabhar cláraithe, a bhí in úsáid ag an am ar pósadh Jack agus Caitlín, i dtaisce acu go fóill agus ba dheas an rud é an dá ainm a fheiceáil mar a cuireadh iad ann leath chéad bliain roim-he sin. Mar a tharla ag an am, ba Jack a shínigh an dá ainm agus in ionad Cait-lin, shínigh sé a hainm mar Mrs J Mac Fadden. Ní aontódh mná an lae inniu le sin.

I ndiaidh a bpósta, bhí cónaí ar dtús ar Jack agus Caitlin sa ‘White House’, teach atá leagtha anois ach a bhí ar chúl tí Jim Carr, agus ina dhiaidh sin bhí cónaí orthu i dteach ‘ John Kelly’, áit a bhfuil cónaí ar Marion Buchan-nan anois. Ba ansin a chaith mise na chéad cúpla bliain de mó sha-ol.

**Jack & Máirín taobh amuigh de theach 'Kelly' c1951.**



Ní raibh uisce reatha nó leictreachas sa teach, bhí seo coitianta san am mar nach raibh an leictreachas sna Dúnaibh go fóill. Rachadh Jack nó Caitlín síos a'bealach a fhad le teach tábhairne Diamond agus gheobhadh siad buicéad uisce achan lá ansin ó Mhánus Mór Ó hOireachtaigh, eisean a bhí i gceannas ar an teach tábhairne san am sin. Ar a rothar a théadh Jack 'na scoile go Doire a' Chasáin ar dtús ach ar ball cheannaigh sé Morris Minor ar athdhíol .IH 8874 an uimhir a bhí air. Tá mé den bharúil go raibh Morris Minor ag James Aindí Simon den uimhir IH 8873 ag an am chéanna. D'aithneofá James ag teacht id threo mar go mbeadh a uillinn i gcónaí amuigh ar fhuinneog an chairr!

**Conraitheoir Tarlaithe**.

Thart fan am seo fosta, cheannaigh Jack agus Charlie Willie (MacPháidín), uncail Mháirtín Uí Chathasaigh, leoraí Bedford eatarthú agus ba ghnáth leofa lasta éisc a thabhairt go dtí Margadh na Feirme istigh i gCathair Bhaile Atha Cliath agus lasta torthaí a thabhairt ar ais. Bheadh Jack ag dul de seo í rith na laethanta saoire agus ag an deireadh seachtaine agus ba mhinic a labhair sé fá chomh fadálach agus chomh fuar a bheadh sé ag dul thar an Chorrsliabh idir Sligeach agus Mainistir na Búille le linn an dara cogaidh. Ni raibh téitheoirí ar bith sna leoraithe san am sin agus bheadh blaincéad thart ar do ghlúine leis an teas a choinneáil ionat. Fosta, ní raibh cumhacht stiúrtha nó giaranna sioncramhogallach agus bheadh ort an chrág a bhrú síos dhá uair achan am a d'athrófa na giaranna. Bheadh orthu a bheith i láthair go han-luath ar maidin ag Margadh na Feirme mar gur fhoscail siad go h-an luath agus d'fhág sin iad ag fágáil na Dúnaibh i lár na hoíche. Níor mhair an fiontar seo ach cúpla bliain agus dhíol siad an leoraí. Nuair a bhí siad a dhíol shocraigh Jack bualadh leis an cheannaitheoir in aice le Colún Nelson i mBaile Átha Cliath agus chomh luath agus a bhí an t-airgead ina lámh, isteach díreach leis go dtí'n GPO le é a chur i dtaisce. Ó na blianta a chaith Jack i mBaile Átha Cliath, bhí a fhios aige go raibh boic ag 'nocáil' thart a bheadh ábalta do chuid airgid a ghoid uait i bhfaiteadh na súl.

**Go Leargan Riabhach.**

Bhí an teach ina raibh Jack agus Caitlín ina gcónaí ann in aice le Tigh Diamond glactha ar cíos acu agus i rith an ama a bhí siad ansin, rugadh Máirín, mé féin agus Eithne.Cheannaigh Jack suíomh do theach i Leargan Riabhach agus ba Mick Bhoydie ( Ó Bródlaigh) a bhí i gceannas na tógála. D'oibrigh Prionnsaí Dhonnachaidh Mhicheáil air fosta agus é ina dhiúlach óg. Bhog Jack agus an chlann go Leargan Riabhach i 1952 agus ba ansin a chaith sé formhór a shaoil. Cé gur foirgneamh úr a bhí ann, ní raibh an leictreachas ar fáil go fóill agus an Tilley a sholáthair an solas.

Bhí suim ag Jack sa gharraíodóireacht agus i gcónaí bheadh garraí aige ar chúl

an tí áit ar fhás sé prátaí, cabáiste, oinniúin, meacain agus tornapaí.
Ar thaobh an tí, bhíodh crainn úill, spíonáin agus cuiríní dubha. Dhéanadh Caitlín potaí móra suibhe a mhaireadh i rith na bliana.
Bá ghnáth leis Friesian nó beirt a choinneáil fa choinne a chuid bainne fhéin a bheith aige don teaghlach. Bhlíodh sé iad sa bhóitheach ar chúl an tí i Leargan Riabhach achan mhaidin sula dtéadh sé ‘na scoile. Chuirfeadh muidinne an bhó suas ar ais ag innilt sa ‘Beef Park’, cuibhreann le Jimmí Antain, thuas ar chúl tí Jimmí sula dtéadh muid ‘na scoile. D’réir mar a bhí am le spáráil, ritheadh muid ar ais ‘na tí síos fríd chuibhreann Neidí Hudie agus rachadh muid sa charr ‘na scoile no leanadh muid linn thar Mhalaigh ‘n Chnoic ‘na scoile.
Ba le linn na mblianta sin a chaith Jack agus Caitlín i Leargan Riabhach a rugadh an chuid eile den chlann, ‘sé sin, Aodán, Déaglán, Seán, Rónán, Dáiríne, Réamann agus Orlaith.


**Sábháilteacht Uisce.**

Ní raibh ach snámh an-bhunúsach ag Jack é fhéin agus bheireadh sé fa deara go raibh formhór pháistí na gcuairteoirí a tháinig ar laethanta saoire go dtí na Dúnaibh ábalta snámh maith a dhéanamh ach nach raibh sin amhlaidh i gcás lear d’aos óg na háite. B'fhéidir go raibh baint ag sin leis an ghaol a bhí idir Ros Goill agus an fharraige ó thaobh iascaireachta de mar ní raibh mórán iascairí ábalta snámh a dhéanamh. Bhí sórt pisreoga ann fá thitim isteach san fharraige agus go mbeifeá níos fearr a bheith báite go tapaidh na mairstin san uisce. Sin nó fanacht ar shiúl ón uisce ar fad.
Os rud é nach raibh duine ar bith san áit a bhí oilte le snámh a theagasc, chuaigh Jack i dteangmháil le Cumann na Croise Deirge i mBaile Átha Cliath fán chás seo, mar go raibh cúrsaí snámha a reáchtáil acusan in áiteacha éagsúla ar fud na tíre.
Rinne Jack achainí ar an Chumann, cúrsa den chineál seo a reáchtáil sna Dúnaibh agus ceart go leor, d’aontaigh siad sin a dhéanamh. Thosaigh fear darbh ainm Paddy Phibbs a theacht


Ar Trá Beag, c1965


Trá Beag, c1965. Jack ag 'stepáil' thart.


Na girseacha ar Thrá Bheag, c1965.


Na Gasúir ar Thrá Beag, c1965.

go dtí na Dúnaibh achan Samhradh ar feadh blianta fada agus mhúineadh sé snámh agus an dóigh le tarrtháil a thabhairt do bhunadh óg na háite. Bheadh scaifte mór d'aos óg na háite agus, fosta, cuid de pháistí na gcuairteoirí thíos ar an trá, ag an Chrannóg nó, dóibh siúd a bhí níos ábalta, ag an chéidhe. Chaith-feadh Paddy mórán uaireanta amuigh san uisce agus chuireadh sé íontas orainne nár mhothaigh sé an fhuacht. Cé gur Paddy a bhí i gceannas ar an chúrsa agus ag déanamh na h-oibre cruaidhe bheadh Jack ag 'stepáil' thart anois agus arís go bfheicfeadh sé caidé mar a bhí rudaí ag dul agus tá a fhios agam gur bhain sé sásamh an-mhór as an méid páistí a ghlac pairt sna cúrsaí snámha thar na blianta.

Thug Madge Sweeney, a raibh teach aicí os cionn na céidhe, cead dúinn athrú istigh i bhfoirgneamh a bhí ar an bhealach síos 'na céidhe agus ba é a bhí deas nuair a thiocfá amach as an fharraige fhuar agus b'fhéidir gaoth fheanntach ag séideadh aníos a' bháighe.

Bhí sórt draíochta ag baint le taobh istigh den fhoirgneamh sin agus go fóill, an corruair a bhím ar ais sna Dúnaibh, má shiúlaim thairis, tarann cuimhní ó m'óige ar ais chugam. Féach ar na pictiúir go bfheicfidh tú an bhfuil tú ábalta tú féin a aithint nó cairde eile a bhí agat as a'cheantar. Aithním cuid mhór acu. Ó! chomh fada ó shin agus cuid mhaith de na daoine óga sin anois ar


Paddy Phibbs & na gasúir.

shlua na marbh. Go ndéana Dia a mhaith orthu.
Blianta i ndiaidh m’ amsa ar an chúrsa, baineadh úsáid as Linn Snámha Óstán Charraig Airt agus maram nach dtarann an oiread cáithníní ar chraiceann na bpáistí anois agus a tháinig orainne ar na laetha fionnuara sin thíos ar an trá nó ag an Chrannóg, sna seascaidí.


**Rudaí Eile A Raibh Baint Ag Jack Leo**.

Taobh amuigh de na rudaí sin atá luaite agam, a raibh baint ag Jack leo thar na blianta, ón am ar phill sé mar mhúinteoir óg ó Bhaile Átha Cliath ,bhí baint aige fosta i gcuid mhaith eile.
I measc na rudaí sa chomharsanacht a raibh sé gníomhach iontu thar na blianta fosta bhí: Cumann Forbartha na nDúnaibh, Comórtas na mBailte Slachtmhara, Raidió na Gaeltachta agus mar Fheidhmeannach Síochána. Bhí sé ar dhuine den ghrúpa a cheannaigh an píosa talaimh ag an Chrannóg agus a chum an Gníomhas (Trust Deed) a thug cumhacht dleathach dóibh an áis sin a thabhairt chun críche do lucht báid.
I gcúrsaí gnó, bhí sé ag dul de chúpla iarracht thar na blianta mar: Bróicéir Árachais, Ceantálaí, Soláthraí Gais & Teilifíse, Soláthraí radaitheoirí, gaileadáin agus píopaí do chórais théimh lárnaigh. B'fhéidir gur an cúlra a bhí aige ag fás aníos i siopa a mháthar Julia i nDoire a’Chasáin agus na scéalta fá shiopa a Athair Mhóir Johnnie Mháire ag an Chéidh a spreag seo ann. Fosta, bhí deichniúr de chlann aige agus suim aige iad a chur go dtí an Ollscoil dá mb’fhéidir leis, agus, cé gur múinteoir scoile a bhí ann, bhí sin teann go leor in amanna. Mar a deireadh Jack, níor éirigh sé saibhir astu.

**Ar Scor Agus Deireadh A Shaoil**.

Duine ar bith a d’fhreastail ar Scoil Dhoire a’ Chasáin, bheadh cuimhne acu ar chomh bunúsach agus a bhí an foirgneamh ó thaobh teasa, leithrise, an chlóis agus fosta bhí na francaigh! Ní raibh mórán airde tughta ag na húdaráis ar rudaí mar seo go ceann i bfhad. Bhí na fadhbanna céanna i gcuid mhór scoileanna eile fosta.

I 1965, d’eagraigh grúpa de thuismuitheoirí sa cheantar in aghaidh seo agus coinníodh na páistí ón scoil ar feadh tamaill. Ritheadh agóid le scoil úr a thógáil agus go dtí go raibh sin réidh, reáchtáileadh an scoil i gCóláiste Olibhéir



An article in The Evening Herald, Oct 19th 1965

RATS CAUSE SCHOOL SHUTDOWN

HINT OF DOWNINGS SCHOOL STRIKE

SCHOOLS STRIKE GOES ON

"Evening Herald" reporter

ANGRY parents have decided to keep their children away from a school because they claim it is infested by rats, which even steal the children's lunches from schoolbags during class.

The school — at Derryhassen, on the Rosguill Peninsula, Donegal—is now being boycotted after a meeting of the local Parents' Association.

A spokesman for the Association said to-day: "We intend keeping our children at home until we see plans for a new school, or plans for the renovation of the present one."

Another school in the area — at Meevagh — with one teacher and 40 pupils, is closed because it is in ...ad repair.

...e spokesman gave a ...e description of the ...tion of the two schools ...ay:—

"The larger Derryhassen school is infested with rodents," he explained. "We plan to have a photograph taken of the rats there and I am certain that we would have no difficulty picturing six rats in the classroom at one time.

"The children's lunches are eaten out of their schoolbags by the rats.

### Holes in floor

"In addition, there is no piped water, there are holes in the floors, no fuel, and the playground is covered with stones."

Meevagh school, although not quite as bad, is not in a fit condition for teaching, according to Parents' Association spokesman. He explained that the toilets were in a very bad condition and generally the school was in bad repair.

"We had a meeting six months ago when the school manager asked for proposals from the parents," the spokesman went on.

"We made the proposals for the improvement of the schools, but we have heard nothing about it since—in spite of the fact that we have written to the Co. M.O.H about it and to the Manager."

SCHOOLS' WEEK OF IDLENESS

Protest against conditions

Pluncéid Beannaithe. D'oscail an scoil úr, Scoil Naomh Bríd i 1969.

Lean Jack mar Phríomhoide anseo go deachaigh sé ar scor ar an 31ú lá de Mhí Lúnasa 1981, i ndiaidh dó daichead agus a dó bliain a chaitheamh ag teagasc; an chuid is mó de sin i Ros Goill. Bhí ré úr dá shaol ag toiseacht ach ba ghoirid a bheadh sé ar a shuaimhneas.


**Timpiste Bóthair.**

Chóir a bheith bliain i ndiaidh dó a dhul ar scor, tharla timpiste bóthair in aice le Béal Átha Seanaigh inár maraíodh iníon agus garmhac le Jack agus Caitlín, ba seo Eithne agus a mac óg, Eoin. Bhí siad ar a mbealach ó dheas agus tharraing Eithne isteach i leataobh le braon tae agus ceapairí a thabhairt don triúr pháiste a bhí léi. Bhí siad ag dul de na ceapairí istigh sa charr nuair a tháinig gluaisteán, a bhí ag teacht ón treo eile, trasna an bhealaigh mhóir as smacht agus rinneadh smionagar de ghluaisteán Eithne. Maraíodh í ar an bpoinnte agus caitheadh an triúr pháiste amach ar thaobh an bhealaigh. Fuair Eoin beag bás ar a bhealach chun an Ospidéil i Sligeach agus cé gur gortaíodh an bheirt eile, Déaglán agus Róisín, buíochas le Dia, tháing siad slán.

Ghoill an chaill seo go mór ar an chlann. Ghoill sé go háirithe ar Jack agus ar Chaitlín agus iad ag dul in aois ach, cosúil le cuid mhór den ghlúin sin, bhí creideamh láidir acu agus chuidigh seo leofa. Fosta, siocair go raibh athair na bpáistí ag obair ar shiúl ag an am, bhí cónaí ar an bheirt pháiste a tháinig slán le Jack agus Caitlín ar feadh tréimhse agus chuidigh seo leo fosta.

**Ar aghaidh lena Saoil.**

D'réir a chéile, i ndiaidh na timpiste, dhírigh Jack a aire ar an saol aríst. Bhí 'punt' aige, 'An Chrannóg' agus chaitheadh sé uaireanta pléisiúracha ag útamáil thart fá na cladaí agus ag fáil corr ghliomach agus corr mhurlas.




Agus iad ag dul in aois, bhí aire Jack agus Caitlín dírithe ar a gclann agus ar chlann a gclainne. Ní fear é a bhí báúil ar chor ar bith don bheoir i rith a shaoil ach anois agus é ag glacadh a scíste sa bhaile, bhaineadh sé sult as cúpla canna beoir i ndiaidh am dinnéara sa tráthnóna agus é ag amharc ar an teilifís nó ag cur nótaí ina dhialann. Agus cúpla canna a bheadh ann mar ní raibh mo mháthair fabhrach do bharraíocht de seo.

Thosaigh sé ag cruinniú agus ag scríobh síos scéalta fá eachtraí a tharla fan pharóise thar chúpla céad bliain. Bhí an t-ábhar uilig clóscríofa aige ar shean chló bhuailteoir agus é ar intinn aige é a fhoilsiú. Fuair sé bás sular tharla seo ach foilsíodh an leabhair, 'Ar Toinn Is Ar Tír' i ndiaidh a bháis.

**Athruithe.**

Thug muid fá deara sa chlann go raibh sé ag éirí ciúin agus dearmadach agus ar ball, rinneadh fáthmheas go raibh sórt éigin néaltrú (dementia) ag teacht air. Bhí dúil an-mhór ag Jack a bheith ag tiomáint anseo is ansiúd ar fud na tíre ach thug cúpla duine fá deara nach raibh sé chomh sábháilte ag tiomáint agus a bhíodh. Shocraigh muid sa teaghlach nach dtiocfadh linn neamhaird a dhéa-namh de sin agus b'éigean dúinn a rá leis go mbeadh air stopadh. Cé go raibh seo ina bhuille an-trom dó, ghlac sé go modhúil agus go béasach le sin agus ón lá sin, níor fhiafraigh sé níos mó fá choinne eochracha an chairr. Ní dhearna sé é níos cruaidhe dúinn ná mar a thiocfadh leis a bheith.

Anois, nuair nach raibh cead aige a bheith ag tiomáint, rachadh Jack amach ar shiúlóidí fada i ngach sórt aimsire, agus bhuaileadh sé isteach i dtithe áirithe agus nach suimiúil an rud é go dtabharfadh sé a aghaidh i gcónaí ar theach Mharian Buchannan. Mar a luaíodh cheana, ba seo an teach ina raibh sé na chónaí nuair a thosaigh sé ag teagasc i Scoil Dhoire a' Chasáin. Bhí foighid ag daoine agus tuicsint acu dó mar d'fhanadh sé níos faide ná d'fhoireadh sé in amannaí.

Le linn an ama seo, díoladh an teach ina raibh cónaí air i Leargan Riabhach



agus bhog siad go teach níos lú os comhair Óstán na Trá. Iontach go leor, cé gur chaith sé chóir a bheith caoga bliain ina chónaí sa teach i Leargan Riabhach, níor phill sé a choíche go dtí'n teach sin in earráid i ndiaidh a bheith amuigh ag siúil.

Thug Caitlín agus mná eile a tháinig isteach, cúram do Jack go dtí nach raibh siad ábalta seo a dhéanamh sa bhaile a thuilleadh agus cuireadh é faoi chúram Ionad Altranais i bPort na Bláiche ar dtús agus ina dhiadh sin, i Ráth Mealtáin. Cosúil leis an dóigh ar ghlac sé le stop a bheith curtha leis a bheith ag tiomáint, bhí sé mar a' gcéanna leis an Ionad Altranais. Cé nach áit a bhí ann ar mhaith leis a dhul ariamh, níor throid sé ina éadan ná ní raibh sé achrannach ná deacair cúram a thabhairt dó.

Fuair Jack bás ar an 18 Iúil 2002 in Ionad Altranais Ráth Mealtáin, an baile céanna inár thosaigh sé ag teagasc os cionn ceithre bliana agus trí fichid roimhe sin. Bhí sé ochtó cúig bliain d'aois.

Fuair a bhean chéile, Caitlín bás i mBaile Cliath in 2018 agus í chóir a bheith céad agus a haon.

**A Chlann.**

Bhí deichniúr páiste ag Jack agus Caitlín.

**Máirín**: bhí sí pósta ar Sheán de Búrca agus cónaí uirthi nDroichead Átha. Fuair Seán bás go tobann anuraidh. Triúr páistí acu. Chaith Máirín seal blianta ag múinteoireacht ach ina dhiaidh sin, bhí sí i mbun gnó lena fear céile ag dáileadh tairgí do radharceolaí (opticians).

**Ciarán:** pósta le triúr mac agus cónaí air anois i Sligeach. Chaith sé cuid mhaith blianta ag obair mar mhúinteoir corpoideachais ach níos déanaí, ag obair le Comhlacht Cógaisíochta (pharmaceutical). D'imir Ciarán i lár na páirce d'fhoireann Ghaeil na Maoil Ruaidhe.

**Eithne**: bhí Eithne pósta ar Micheal Hogge, nach maireann agus bhí tríur páistí acu. Bhí Eithne ag staidéar leighis i nGaillimh ach phós sí an Dochtúir Michael agus chuaigh siad go Ceanada. Phil siad go hÉirinn ach ar an drochuair maraíodh Eithne agus a mac Eoin in aice le Béal Átha Seanaigh I dtimpiste bóthair i Mí Lúnasa, 1982.

**Aodán**: pósta le beirt iníonach agus mac agus ina chónaí i bPort Láirge. Chaith sé cuid mhór blianta ag obair do Chomhlacht Árachais agus ina dhiaidh sin ag reáchtáil tithe tábhairne i mBaile Cliath agus níos moille i Loch Garman. Tá sé ar scor anois ach tá B&B a reáchtáil aige féin agus ag a bhean chéile cóngarach do Ros Láir. D'imir Aodán sna cúil d' fhoireann na nDúnaibh.

**Déaglán**: bhí Déaglan pósta ar Áine Beck as Cill Choinnigh ach ar an drochuair, fuair Áine bás d'ailse in 2018. Seisear páistí a bhí acu. I ndiaidh dó cáiliú mar Bhithcheimiceoir& Micribhitheolaí, d'oibrigh sé do Guinness ar feadh cúig

bliana ach chaith sé an chuid is mó da shaol i Singapore, mar Uachtarán ar Chomhlacht Symrise i gceantar eacnamaíochta an Aigéin Chiúin & na hÁise. Tá sé ar scor ó sin anois ach gníomhach mar infheisteoir agus mar chomhairleoir. Bíonn cónaí air anois idir Singapore agus Éirinn.

**Seán**: pósta agus ina chónai le cuid mhór blianta i Sligeach áit ar oibrigh sé mar Anailisí sa tSaotharlann Réigiúnach Tréidliachta. Tá sé ar scor anois agus tosaithe ar ghailf don chéad uair! Triúr mac agus iníon aige.

**Rónán**: pósta i mBaile an Bhiataigh, Co. na Mí agus beirt iníonach aige. Bhí sé ina Phríomhoide ar Scoil an Spioraid Naoimh, an Inse, Co. na Mí ach tá sé ar scor anois. Suim mhór aige sa ghalf agus imríonn sé go minic le fear eile de bhunadh na háite a bhi ag múíneadh i nDroichead Átha ach atá ar scor fosta, sin Proinnsias Ó Brollcháin.

**Dáirine**: pósta i mBaile Átha Cliath agus beirt mhac agus iníon aici. Cháiligh Dáirine mar dhlíodóir agus d'oibrigh sí mar dhlíodóir go príobháideach agus le RTÉ ar feadh blianta. Tá si ar scor ón dlíodóireacht anois ach ag obair ar chathaoir bhreithiúnais san am i láthair.

**Réamann**: Ba Réamann an duine den chlann a chaith an chuid is mó dá chuid ama sna Dúnaibh ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath le cúpla bliain anuas. Bhí gnó ceantála agus árachais aige i gCarraig Airt ach nuair a theip ar an chóras geileagair, bhog sé go Baile Átha Cliath. D'imir Réamann d' fhoireann na nDúnaibh

**Orlaith**: pósta i gContae Longfoirt agus beirt iníonach agus mac aici. Tá Orlaith ina Príomhoide i Scoil Naisiúnta Naomh Feilm, Béal Átha na nEach i gContae an Chábháin.

- LE CIARAN MAC PHÁIDÍN.

EOLAS A DHÍOBHÁIL AR BHÁD DHOIRE .



FRANCIE Ó CUILINN

(074) 9154830

ceimaniar@eircom.net

**Tá Francie ag cuartú eolais agus grianghraf ar Bhád Dhoire a bhí ag taisteal ó Dhoire go Glasgow suas go dtí 1966 le paisinéirí.**
**Beidh muid buíoch libh as ucht cuidithe ar bith a thig libh tabhairt dúinn. Má thugann sibh grianghraf ar bith dúinn dhéanfaidh muid iad a scanáil isteach sa ríomhaire agus bhéarfaidh muid iad ar ais daoibh.**

# Oisín Mac Eo
## Oifigeach Pleanála Teanga



Oisín Mac Eó, Oifigeach Pleanála Teanga nua-cheaptha

Mar gheall ar Acht na Gaeltachta 2012, cuireadh Ros Goill, Fánaid, An Tearmann, An Craoslach, Gleann Bhairr agus Gleann Domhain le chéile mar aon limistéar pleanála teanga (LPT) amháin ar tugadh Tuaisceart Dhún na nGall air. Tháinig coiste le chéile ó eagraíochtaí Gaeilge éagsúla sa limistéar chun Plean Teanga a scríobh a rachadh i ngleic leis an ghéarchéim teanga sa Ghaeltacht. Tá an plean sin, a mhairfidh 7 mbliana, á chur i bhfeidhm anois ó Mhí na Samhna anuaraidh. Labhair Oisín Mac Eó, Oifigeach Pleanála Teanga nua-cheaptha don limistéar, le Guth Goill faoi thodhchaí na Gaeilge sa cheantar agus faoina chúlra féin.

"Tháinig mo mháthair mhór ar an tsaol i Mín an Lábáin i dTuaisceart Dhún na nGall breis is céad bliain ó shin agus tógadh le Gaeilge ansin í. Mar sin, cé gur rugadh agus gur tógadh mé i gcathair Dhoire, mhothaigh mé ar dhóigh inteacht i mo chroí go raibh mé ag filleadh ar mo dhúchas nuair a tháinig mé anseo ag tús na bliana.

Tá mé lonnaithe in oifigí Chéim Aniar sna Dúnaibh agus tá an t-ádh dearg orm a bheith ag obair in áit le daoine chomh cumasach agus chomh díograsach, sin le Francie Ó Cuilinn agus Anna Nic Lochlainn. An chéad rud a thug mé faoi deara faoi Ros Goill ná an oiread oibre atá déanta thar na blianta chun an Ghaeilge a chur chun cinn ag Céim Aniar, go háirithe i measc na n-óg, le ranganna ceoil agus drámaíochta, le campaí samhraidh agus leis an chlub iarscoile.

Tá mé féin gníomhach i saol na Gaeilge ó 1999. Bhunaigh mé an chéad ghrúpa tuistí agus tachrán do theaghlaigh Ghaeilge i gcathair Dhoire go bhfios domh, seacht mbliana ó shin. Tagann idir cúigear déag agus fiche páiste chuig ár seisiúin ar an tSatharn lena dtuismitheoirí agus lena seantuismitheoirí. Chuir mé "créis" nó "naíolann" lán-aimseartha ar bun i dTír Chonaill a bhí ag feidhmiú den chuid is mó trí Ghaeilge sa Ghalltacht agus bhí an naíolann sin lán faoi mhaol le liosta feithimh sular chuir mé deireadh léi chun mo theaghlach a bhogadh go Rann na Feirste i 2019. Bhunaigh mé gaelscoil i gcathair Dhoire i 2005 agus tá sí ag dul ó neart go neart ó shin. An naíscoil atá mar chuid den ghaelscoil, tá sí sin lán le 5 bliana anuas agus bíonn ar an bhunscoil spásanna breise a éileamh ón Roinn achan bhliain le go dtig léi glacadh leis na páistí ar fad a chuireann iarratas isteach ar áiteanna sa scoil. Ach i ndiaidh trí bliana déag ag obair mar phríomhoide sa ghaelscoil, mhothaigh mé go raibh an jab déanta agus go raibh sé in am tabhairt faoi dhúshlán úr.

Tuigim go rímhaith tábhacht na Gaeltachta do thodhchaí na teanga agus tá mé go láidir den tuairim gurbh fhéidir liom an taithí atá agam a chur chun leasa phobal teanga an limistéir chun todhchaí na Gaeilge mar theanga pobail ann a chinntiú, agus sin an fáth ar thug mé orm féin an dúshlán áirithe seo.

Ceapadh mé i mí Eanáir agus sula raibh muid buailte ag Covid 19 i lár mhí an Mhárta, bhí muid in ann tús a chur le clár imeachtaí spreagúla do Sheachtain na Gaeilge. Bhí

cúpla imeacht poiblí againn agus bhí scoileanna an LPT rannpháirteach in imeachtaí a thug cúpla céad dalta bunscoile ó Chionn Fhánada go Gleann Domhain le chéile. D'eagraigh mé maidineacha caife i gcuid de na scoileanna agus thug sin deis domh labhairt le tuismitheoirí na háite faoin Ghaeilge agus faoin tumoideachas. Nuair a thiocfaidh muid ar ais sna míonna beaga amach romhainn, beidh mé ag súil le hoscailt naíonra Ghleann Domhain, le seoladh oifigiúil an phlean teanga, le bunú clubanna óige agus líonra de theaghlaigh Ghaeilge sa limistéar agus le go leor tograí eile. Le cuidiú Dé, beimid uilig ar ais ar obair mar a bhí go luath.

Tá fís agam don limistéar: beidh páistí muiníneacha agus líofa sa Ghaeilge ann mar gheall ar an tumoideachas, beidh clubanna óige á reáchtáil go rialta trí Ghaeilge agus beidh níos mó daltaí ón limistéar ag leanstan leis an oideachas trí Ghaeilge ag leibhéal iarbhunscolaíochta. Beidh Boinn Óir saothraithe ag na clubanna CLG faoi scéim Ghlór na nGael mar gheall ar iad a bheith ag cur chun cinn na teanga agus beidh cóitseáil á cur ar fáil do pháistí bunscoile trí Ghaeilge. Sa phobal i gcoitinne, beidh ócáidí sóisialta rialta d'óg agus d'aosta trí Ghaeilge, beidh deiseanna ann d'fhoghlaimeoirí, beidh seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sna hionaid phobail agus beidh tacaíocht do theaghlaigh a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile. Beidh ardú 4% i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa limistéar thar thréimhse 7 mbliana, fad saoil an phlean. Tuigim go bhfuil an méid sin ar fad uaillmhianach ach creidim go bhfuil sé indéanta chomh maith, tógfaidh sé am agus rannpháirtíocht an phobail chun an Plean a chur i gcríoch.

Tá rudaí iontacha i ndiaidh titim amach i saol na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht le glúin anuas, go háirithe sna Sé Chondae agus creidim anois gurb í an Phleanáil Teanga sa Ghaeltacht an rud is tábhachtaí i saol na Gaeilge, sn lá atá inniu ann, is í an chloch is mó ar phaidrín na nGael í, mar a deirtear. Mar a dúirt cara liom ar na mallaibh, dá mba rud é go mbeadh dea-scéal ag teacht amach as an Ghaeltacht go raibh an taoide á hiompú ar ár son mar gheall ar ghníomh ón phobal, go dtabharfadh sé misneach agus spreagadh as pabhar do ghluaiseacht na Gaeilge ar fud fad na tíre."





# COLMCILLE, A THAIRNGREACHTAÍ AGUS AN T-ASAL NACH RAIBH.

Bhí Aisteoirí Mhíobhaigh ag obair ar an dráma Peacadh Cholmcille le hé a chur ar an ardán i mí Aibreáin. Ar an drochuair char tharla sin de thairbhe an Covid 19 a bhuail an domhan go tobann ag tús na bliana. Tá súil againn go bhfaighidh muid deis an dráma a chur os comhair an phobail am inteacht amach anseo nuair atá smacht curtha ar an víreas uafásach seo. Chuir Aisteoirí Mhíobhaigh an dráma seo i láthair sa bhliain 2007 ach de thairbhe go bhfuil ceiliúradh 1500 bliain ar bhreith Cholmcille ag dul ar aghaidh i 2020-21 moladh go mór dúinn an dráma a athbheochan don ócáid. Tá lear athruithe sa leagan seo den dráma i gcomparáid le leagan 2007 ó thaobh taighde agus ó thaobh carachtair de. Tá a fhios agam go bhfuil stair Cholmcille ar eolas go maith ag muintir Ros Goill ach nuair a bhí mé ag gabháil don taighde seo le feabhas a chur ar an dráma tháinig mé trasna ar fhíricí éagsúla fán Naomh a bhí iontach suimiúil agus ba mhaith liom píosa a scríobh i nGuth Ghoill le cur leis an dráma agus le cuid de na fíricí seo a roinnt libh.

Tá an t-ádh orainn sa tír seo mar go bhfuil trí phátrún againn - Naomh Pádraig, Naomh Bríd agus Naomh Colmcille. Tá Lá Fhéile Pádraig ar an 17ú Márta, tá Lá Fhéile Naomh Bhríd ar an 1ú Feabhra agus tá Lá Fhéile Colmcille ar an 9ú Meitheamh.

Rugadh Colmcille ar an 7ú Nollaig 521 i nGartán i dTír Chonaill. Tá rud beag amhrais fán dáta seo mar tá staraithe ann atá den bharúil gur i 520 a rugadh é. Sin an fáth go bhfuil an ceiliúradh ag toiseacht ar an bhliain seo chugainn agus go leanfaidh sé ar aghaidh isteach go 2021.

Níl amhras ar bith, de réir cosúlachta, ná go bhfuair sé bás ar an 9ú lá de Mhí Meithimh 597 agus aois suntasach de 75 bliain bainte amach aige. Nuair a ghlacann tú san áireamh go raibh ar an mheán fad saoil de 30-33 bliain ann ag an am tchíonn tú gurb iontach an aois a bhí aige.



Tá sé suimiúil fosta go raibh Colmcille 10 mbliana thar fad saoil na tréimhse seo nuair a d'fhág sé Éire le dul go hoileán Í. Tugadh Columba air, sin leagan Laidine den ainm Colum agus cuireadh an iarmhír –'cille' leis. Ciallaíonn 'cille' 'de na heaglaisí' ('of the churches').
Duine den uaisleacht a bhí i gColmcille agus ar thaobh a athar ba gar-gar -garmhac de Niall na Naoi nGialla a bhí ann.
Chuaigh sé isteach go Mainistir Chluain Ard (Clonard), a shuíonn ar bhruach na Bóinne i gContae na Mí, nuair a bhí sé 20 bliain d'aois. Thug col ceathar dena chuid talamh dó cóngarach do Loch Feabhail agus thóg sé mainistir ann—ba seo Doire dár ndóigh. Ó Dhoire bhí sé ábalta dul amach agus an Chríostaíocht a theagasc do phágánaigh an tuaiscirt.
Taobh istigh de dheich mbliana bhí scór go leith de mhainistreacha tógtha aige agus bhí a naofacht pearsanta mar inspioráid do lear daoine. San am chéanna, naofa is eile is mar a bhí sé, chan aingeal ar bith a bhí ann agus thóg sé go leor achrann agus ruaille buaille ina am.
Ba chuma caidé a chuaigh Colmcille ina bhun bhí a chumas le feiceáil go láidir ann. Is scríobhaí a bhí ann, is file a bhí ann, is tógálaí mainistreacha a bhí ann agus le cois sin uilig is tairngire a bhí ann. Cuirfidh mé isteach cuid de na tairngreachtaí seo ag deireadh an phíosa seo.

Anois chuala sibh uilig fá Nessie agus Loch Ness in Albain ach an raibh a fhios agaibh nach bhfuil a dhath luaite fán ollphéist seo go dtí gur chas sé le Colmcille. Ar an 22ú Lúnasa 565 bhuail Colmcille le Nessie. Bhí air dul trasna Loch Ness agus leathbealaigh trasna d'éirigh Nessie os a choinne. Scanraíodh an diabhal as na boic eile a bhí sa bhád ach thóg Colmcille a lámh, rinne sé comhartha na croise agus dúirt sé, "Ní rachaidh tú níos faide, agus ní bhainfidh tú d'fhear ar bith; ar ais leat anois." Nuair a chuala Nessie bocht glór an Naoimh d'éalaigh sé níos tapúla ná mar a bheadh sé tarraingthe chun deiridh le rópaí. Bhí na págánaigh áitiúla lán d'iontas nuair a chonaic siad seo agus ghlac siad leis an Chríostaíocht lom díreach.
Níl easpa scéalta fá Cholmcille i seanchas na tíre seo ach oiread, go hairithe anseo i dTír Chonaill. Cha shílim go bhfuil paróiste nó ceantar sa Chontae nach bhfuil scéal acu fá dtaobh de. Anseo i Ros Goill tá cúpla scéal againn agus cha bhíonn leisce ar bith orainn na scéalta seo a insint do dhuine ar bith a mbíonn fonn orthu éisteacht leo.



Chaith neart de bhoic óga Ros Goill séasúr nó dhó amuigh ag iascaireacht brádán agus chuala muid uilig an scéal fa cad chuige nach raibh brádáin le fáil i gCuan na Maoile Ruaidhe, rud a bhí fíor go dtí gur thosaigh feirmeoireacht éisc agus go dtáinig na caighin (cages) isteach agus d'éalaigh cuid de na brádáin a raibh fonn saoirse orthu. Seo mar a chuaigh an scéal. Bhí



Colmcille ina sheasamh ar an chladach thíos san áit a bhfuil an bád chlóis. (Luaitear áiteacha éagsúla ag bráth ar bhaile fearainn an scéalaí). Cibé ar bith tháinig beirt iascaire isteach ar churach agus chuir Colmcille ceist orthu. “An bhfuair sibh éisc ar bith, a fheara,” a dúirt sé. “Chan fhuair,” arsa fear acu. (Ba mhinic a smaointigh mé gur maith an rud nár luadh sloinne an bhréagadóra seo sa scéal mar chan mórán de shaol a bheadh ag a bhunadh fán cheantar seo). “Muna bhfuair,” arsa Colmcille, “gheobhaidh sibh, ach, má fuair ní bhfaighidh sibh” Le sin léim dhá bhrádán amach as an churach agus char beireadh ar bhradán fiáin amháin sa Mhaoil Ruaidh ó shin.
Scéal beag deas ach tuigeann muid anois nár beireadh ar bhrádáin fhiáine ar bith siocair nach bhfuil aibhneacha ar bith ag reáchtáil isteach sa Mhaol Ruaidh.
Tá an scéal ann fosta fán am a tháinig Colmcille go Ros Goill ar dhroim asail. Nuair a bhí sé ag dul suas Malaigh ‘n Fhraoigh luigh an t-asal don chéad uair agus cuireadh leac ‘na sheasamh san áit sin. Tá an leac le feiceáil go fóill ann. Síos go Cluain tSaileach ansin le Colmcille agus luigh an t-asal ansin don dara huair. Tá cros bheag le feiceáil ansin fosta. Síos i dtreo na Maoil Ruaidhe a chuaigh an fear naofa ansin agus luigh an t-asal san áit ar thóg Colmcille eaglais bheag. Tá na ballaí ina seasamh go fóill i lár Reilig Mhíobhaigh.
An bhfuil an scéal sin fíor? Níl a fhios agam. Thiocfadh leis a bheith fíor agus tá sé soiléir go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis an eaglais agus le Reilig Mhíobhaigh.
Níl fáth ar bith nach dtiocfadh Colmcille go Ros Goill ach, má bhí sé anseo, chan ar asal a tháinig sé anuas a’ bealach. Cad chuige a bhfuil mé ag rá sin? Mar cha raibh asail ar bith sa tír seo nuair a bhí Colmcille ar a chosa. Tháinig na hasail ón Afraic Thuaidh. Thosaigh siad ag éirí forleathan thart fán Mheánmhuir de réir mar a bhí Impireacht na Róimhe ag forbairt ach cha dtáinig na hasail an fhad seo ag an am. Tá sé ráite ag staraí nó dhó go mb’fhéidir go dtáinig corr asal isteach leis na Lochlannaigh ach níl fianaise ar bith gur tharla sin. Ach cé acu a tháinig cúpla asal isteach leo nó nach dtáinig bhí Colmcille ar shlua na marbh i bhfad roimhe seo. Cha dtig linn a rá go dtáinig siad isteach leis na Normannaigh ach an oiread. ‘Sé’n chéad tagairt ata déanta d’asal in Éirinn ná i 1642 nuair a thit Caisleán Mhaigh Nuad i gcogadh na dTrí Ríocht.









Bhí na hasail iontach fairsing sa tír seo ón tréimhse sin amach. Tá an t-asal chomh bainteach leis an tír seo anois is atá an Leipreachán, ach mar sin fhéin thig linn glacaint leis nach dtáinig Colmcille an bealach seo ar cheann acu. B'fhéidir go raibh ainmhí cosúil leis fán tír!

**Seo a leanas cuid de thairngreachtaí Cholmcille a bhaineann le Tír Chonaill.**
(Cuireadh na tairngreachtaí seo chugam tamall ó shin agus is í an scríbhneoir Máire Ní Fhinneadha a chuir iad i gcló agus sílim go bhfuair sí iad as Bailiúchán na Scol as scoileanna i gCreamhros agus Loch Muc i nDún na nGall ). De réir na dtairngreachtaí seo caithfidh go raibh baint mhór ag Colmcille le Fánaid.

## Tairngreachtaí:

- Nach mbeadh Fánaid go deo gan trí Chlainn den sloinneadh Grant ann.
- Go dtiocfadh an t-am nach mbeadh Mhic Bartún fágtha i bhFánaid.
- Nach mbeadh duine de Chlann Uí Chonaghlaigh ná de Chlann.
- Mhic Carráin ina sagairt go deo.
- Nach gcrochfaí duine as Fánaid go deo.
- Nach bhfásfadh na coillte i dTulaigh Chonaill go deo (áit atá 10 míle ó Phort an tSalainn).
- Nach mbéarfaí ar iasc go deo i gCinn an Locha.
- Go mbeadh capall bán agus fear mire i gcónaí in Iomaire Cam.
- Nach bhfaigheadh bean óg bás choíche i gCeathrú Bláith.
- Go mbeadh troid ag na Caitlicigh eatarthu féin.
- Go mbeadh líne tithe ón Chroisbhealach go dtí Port an tSalainn.
- Go gcumhdódh an fharraige Éire roimh dheireadh an tsaoil.
- Go mbeadh a mhallacht go deo ar dhuine ar bith a chuirfeadh bróg ar a chois agus an iall a cheangal roimh an stocaí a chur ar an chois eile.
- Nach n-aimseodh aon duine nead crotaigh go deo.
- Go bhfiafródh athair dá mhac ar maraíodh aon iasc san fharraige sin riamh.
- Go dtiocfadh na laochra isteach ag Port an tSalainn agus go maródh siad na daoine uilig suas go Gartán. Go mbeadh sagart ag léamh aifrinn ansin agus gurbh é a chuirfeadh stad leo.
- Go mbeadh capall iarainn ar na bóithre agus go mbeadh carranna gan capall ann.





- Nach mbeadh díobháil bia choíche i gCeathrú Bláith.
- Go rachadh traein fríd Loch Bran roimh dheireadh an tsaoil.
- Go mbeadh cath i ngleann i gCeathrú Bláith.
- Go mbeadh cath ann agus go dtiontófaí fear trí huaire ina leaba go bhfeicfí an mbeadh sé in ann dul chun catha.
- Go mbeadh báid gan seolta ann.
- Fad a bheadh cloch a chaith sé i gcuibhreann i Springhill ina sheasamh ní bheadh aon luchóg i bhFánaid.
- Gheobhadh na fir dhubha réim na tíre.
- Cogadh a chuirfeadh deireadh leis an saol.
- Nuair a rachadh póilín thar Dhroichead Chéididh, bheadh sé in am ag gach duine é a leanstan.
- Nach bhfásfadh crann go deo in Eascromaigh i Seanach.
- Cogadh an dá Ghall an cogadh deireanach a bheadh ann, cogadh fómhair idir speal is corrán.
- Bheadh droichead ar gach sruthán.
- Gheobhadh an bhó lán a hadhairce d'ór.
- Ligfeadh carraig sa domhan thoir trí bhúir roimh dheireadh an tsaoil (lig sí an chéad cheann ag an chogadh mhór).
- Rachadh muc dhubh siar cúl Acla (an traein).
- Nach maródh toirneach duine as an Ghleann go deo.
- Go mbeadh scéalta ag rith ar bharr bataí in Éirinn.
- Go dtiocfadh rud isteach sna Cealla a bheadh ag cur tine amach as a bhéal.
- Go mbeadh Éire saor sa bhliain 1940.
- Go gcuirfeadh Dia an fharraige uilig isteach i bhfaoileán ag deireadh an tsaoil.
- Nuair a thiocfadh an cogadh deireanach ní bheadh sábháilte ach na daoine a bheadh ina seasamh ar an charraig sa Bhíofán.
- Go mbeadh bealach mór ó Ard an Rátha go Tobar Cholmcille agus nuair a bheadh an bealach sin á dhéanamh go marófaí triúr fear ar an Chosán Ard.
- Go dtiocfadh aicíd ar na madaidh roimh dheireadh an tsaoil agus go mbeadh siad ar mire agus nuair a thiocfadh an namhaid nach mbeadh madadh ar bith ann le tafann leofa.
- Nach mbeadh de dhifríocht idir samhradh agus geimhreadh faoi dheireadh an tsaoil ach na duilleoga ar an chrann.

***Beidh tuilleadh fá Cholmcille sa chéad eagrán eile.***



# Ór i bhFolach i dTulach



Chuala mé an scéal seo nuair a bhí mé i mo ghasúr óg ach rinne mé dearmad de ach tháinig sé ar ais i mo chuimhne le gairid. Tá áit thuas i dTulach a dtugtar an Dún air agus chuala mé i gcónaí go deachaigh an dún seo i bhfad siar. Bhíodh eagla ar na seandaoine a tháinig romhainn a dhul suas ag an áit agus mar a insíonn an scéal seo is dócha go raibh beagán céille acu.

Tá sé ráite gur chuir na hIarlaí a gcuid óir i bhfolach sular fhág siad Rath Maoláin ar eagla go bhfaigheadh na plandóirí greim orthu. Bhí sé in intinn na ndaoine thuas i dTulach go raibh cuid den ór i bhfolach thuas sa dún. Thart fá am an ghorta mhóir bhí na daoine creathnach bocht agus chuideodh an t-ór go mór leofa. Lá amháin chuaigh cúpla fear suas go dtí an dún le spádaí agus é ar intinn acu an t-ór a fháil. Thosaigh siad ag tochailt agus cha raibh siad ag dul dó rófhada nuair a léim cat mór dubh amach orthu. Bhí cuma chreathnach fiáin air agus thosaigh sé a scríobadh lena chuid crúba agus b'éigean dófa rith 'na bhaile. Lá arna mhárach tháinig na fir ar ais ach cha raibh a dhath le feiceáil. Dúirt siad nuair a phill siad 'na bhaile nach raibh fianaise ar bith le rá go raibh siad ann agus nach raibh cat ar bith le feiceáil ach an oiread. Cha dtiocfadh leofa tús ná deireadh a dhéanamh de, bhí eagla mhillteanach orthu agus cha deachaigh siad ar ais go deo arís.

Chuala mé le gairid ó mo chomharsana go bhfuil cat mór dubh ag spaltaireacht thart fá Thamhnach Locha agus cait na háite faoi phlá aige. Bhuail mé fhéin le cat mór fíochmhar i dTamhnach Locha tamall beag ó shin, bfhéidir go raibh duine inteacht thuas ag an dún agus gur lig siad an cat as an mhála, nó bfhéidir nach bhfuil a dhath ann ach scéal an mhadaidh rua. Cibé ar bith b'fhearr dúinn a bheith cúramach le bheith sábháilte

**Le Liam Mac Giolla Bhrīde**



An Dún, Tulach.

Titeann Seachtain na Gaeilge, tréimhse ina ndéanann daoine iarrachtaí ar leith Gaeilge a labhairt, i Mí  an Mhárta achan bhliain. Ar an drochuair tharla an 'Lockdown' leathbealaigh fríd an ócáid i mbliana. Cé go raibh díomá orainn gan a bheith ábalta na himeachtaí uilig a chur i láthair, bhí muid iontach sásta leis na hócáidí a bhí againn agus thar a bheith buíoch don tacaíocht ón phobal. Seo cuid se na rudaí a tharla i Ros Goill sular druideadh an tír síos.

# Maidin Chaife






Bhí scaifte deas ag an Mhaidin Chaife agus achan duine ag déanamh iarracht mhór cibé Gaeilge a bhí acu a úsáid. Buíochas mór don Ionad Acmhainne a chur an seomra ar fáil agus do Pheigí Ryder & Máire Mhic Laifeartaigh a bhí gnóthach sa chistin ar an lá!





# Tráth na gCeist











Rinneadh Tráth na gCeist Boird a reáchtáil sa Síbín Ceoil. Ghlac 5 fhoireann páirt ann. Buíochas mór don Síbín Ceoil a chuir sólaistí ar fáil & do Aodh Mac Laifeartaigh a rinne an oíche seo a eagrú. Ba ag Liam Mac Giolla Bhríde, Angela Nic a' Bháird & Caoimhín Mac a' Bháird a bhí an bhuaidh.

# Siúlóid Threoraithe

Seachtain na Gaeilge le energia

Cé gur thosaigh an tsiúlóid le giota báistí bhain muid an-sult as an turas seo, i Ros Goill, ag éisteacht le Caoimhín Mac a' Bháird ag insint scéalta stairiúla a bhaineann leis an cheantar. Tá muid fíor-bhuíoch do Chaoimhín a rinne seo a eagrú.





# Dráma 'Máire' le Noel Ó Gallchóir

Bhí scoth an cheoil, na filíochta agus na drámaíochta ar an stáitse i gColáiste Ros Goill. Chomh maith leis an dráma 'Máire' le Noel Ó Gallchóir, dráma a bhí bunaithe ar shaol agus ar shaothar Shéamuis Uí Ghrianna, an scríbhneoir cáiliúil Gaeilge, bhí scéalaíocht le Bríd Anna Ní Bhaoill agus ceol le hAodh Óg Ó Duibheannaigh & Dónal Mac Dáibhéid. Ba dheas an ócaid seo a chur i lathair mar gurb é an imeacht shóisialta dheireanach ar feadh tamaill! Buíochas mór d'achan duine a bhí ann agus go h-airithe do Noel é fhéin a d'eagraigh an tsiamsaíocht.






Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com